

Gaelscoil Eoghain Uí Thuairisc

PLEAN BAINISTÍOCHTA LE HAGHAIDH THEAGMHAIS CHRITICIÚLA

Réamhrá agus aidhmeanna an phlean:

Déanann an plean seo cur síos ar an nós imeachta a chuirfidh Gaelscoil Eoghain Uí Thuairisc i bhfeidhm le féachaint chuige go mbíonn freagairt éifeachtach ar fáil d'aon teagmhas criticiúil nó d'aon ghéarchéim a tharlódh. Cuirfidh sé ar chumas na scoile déileáil go héifeachtach leis an ngéarchéim, cuirfidh sé ar chumas na foirne aisfhreagairt sciobtha a thabhairt uirthi, agus smacht a chur i bhfeidhm uirthi. Ba chóir go gciallódh an plean seo go mbeadh cúrsaí scoile ag feidhmiú mar is gnáth a luath agus is féidir, agus nach mbeadh aon mhórchionchar ag an ngéarchéim ar an fhoireann nó ar na mic léinn.

Is iad na séadchomharthaí a bhaineann le Gaelscoil Eoghain Uí Thuairisc ná go bhfuil éiteas cairdiúil comhbhách inti, agus tugann ár mbeartas frithbhulaíochta, an fócas a chuirimid ar chúrsaí sláinte agus sábháilteachta, agus ár gclár OSPS tacaíocht agus cothú don éiteas seo. Cabhróidh an t-éiteas comhbhách tacúil seo le cur i bhfeidhm rathúil an phlean maidir le haon ghéarchéim a tharlódh.

Tá plean aslonnaithe ar scoil chomh maith (i gcás dóiteáin mar shampla) agus tá an fhoireann agus na mic léinn eolach faoin bplean seo, agus de réir mar a leagtar síos sa Pholasaí Sláinte agus Sábháilteachta, bíonn druil dóiteáin in aghaidh an téarma againn. Bíonn comhartha í éalaithe na scoile ar taispeáint sna siúltáin agus 'sna seomraí. Dúntar na doirse seachtracha i rith am ranga agus ní féidir ach le pearsanra údaraithe teacht isteach ón taobh amuigh tríothu. Déantar na múchtóirí dóiteáin agus na bealaí éalaithe a scrúdú go rialta, agus cuirfear oiliúint ar an fhoireann go rialta maidir le fearas sábháilteachta a úsáid. Déanann baill fhoirne maoirseacht ar na mic léinn sula n-osclaíonn an scoil ar maidin, agus ag amanna lóin chomh maith.

Má tharlaíonn géarchéim, déanfaidh an fhoireann a ndícheall féachaint chuige go mbíonn a laghad cur isteach agus is féidir ar ghnátha na ranganna nach bhfuil aon bhaint acu go díreach le cúrsaí, agus nach mbíonn mórán tionchair ag an ngéarchéim orthusan.

Cuirfear Polasaí Timpiste, Tinneas agus Gortú na scoile i bhfeidhm nuair agus más gá.

Cad is Teagmhas Criticiúil Ann?:

Go ginearálta, deirtear gur teagmhas criticiúil é aon eachtra nó seicheamh eachtraí a threasraíonn gnáth-straitéisí déileála na scoile (*Responding to Critical Incidents* l.15). I measc eachtraí mar seo d'áireofaí bás tobann/ timpiste/féinmharú a bhain le ball de phobal na scoile, timpiste a bhaineann le mic léinn/foireann ar áitribh na scoile, ionsaí fisiceach ar mhac léinn nó ar bhall fhoirne nó dochar tromchúiseach a tharlaíonn d'fhoirgneamh na scoile. Má imíonn ball de phobal na scoile gan tasc gan tuairisc, nó má bhíonn timpiste nó tragóid a bhaineann leis an bpobal áitiúil, is féidir a rá gur teagmhas criticiúil a bheadh ann chomh maith.

An Fhoireann Bhainistíochta le haghaidh Teagmhais Chriticiúla (FBTC)

Bunaíodh an FBTC agus an dea-chleachtas is fearr á leanúint againn. Roghnaíodh na baill fhoirne ar bhonn deonach agus déanfaidh siad a gcuid róil a chomhlíonadh ar feadh bliana scoile amháin, ar a laghad. Cruinneoidh na baill fhoirne le chéile in aghaidh na bliana chun athbhreithniú a dhéanamh ar an bpolasaí is ar an bplean, agus iad sin a thabhairt suas chun dáta.

Aingel Uí Dhálaigh (Príomhoide/ceann foirne, Idirchaidreamh leis an bpobal, le gníomhaíochtaí, leis na Meáin)

Móna Ní Liatháin (Idirchaidreamh le Gardaí/Na Meáin)

Treasa Uí Néill (Idirchaidreamh leis an fhoireann).

Majella Ní Riain/Mícheál Ó Rinn (Idirchaidreamh le Mic Léinn).

Caoimhe Uí Fhearaíl/Mícheál Mac Eochaidh (Idirchaidreamh le Tuismitheoirí).

Paula Fleming (Riarthóir)

David Carroll (NEPS)

An tAthair Conn Ó Maoldomhnaigh

- Ionas go mbeadh cumarsáid mhear éifeachtach ann idir an scoil agus an pearsanra cuí dá dtarlódh teagmhas criticiúil, féachfaidh an FBTC chuige go ndéanfar:
1. Liosta d'uimhreacha teagmhálacha na ndaoine seo leanas a chur le chéile agus a choimeád suas chun dáta
 - Mic léinn, tuismitheoirí/caomhnóirí
 - Baill Fhoirne
 - Seirbhísí Éigeandála is Tacaíochta – cuirfear an liosta seo ar taispeáint in Oifig na Scoile, sa Seomra Foirne, agus in Oifig an Phríomhoide.
 - Beidh liosta ag Aingel sa bhaile ar eagla Theagmhas Criticiúil lasmuigh d'am scoile.
 2. Eolas éigeandála a chur le chéile maidir le turais scoile ina mbeidh:
 - Liosta iomlán de na daltaí/baill fhoirne atá i gceist, agus de na múinteoirí atá i gceannas ar an turas.
 - Liosta d'uimhreacha fón póca na múinteoirí a bheadh ar an turas
 - Eolas míochaine suas chun dáta maidir leis na daltaí, – ailléirgí, titimeas 7rl.
 3. Róil agus freagracht a shannadh amach do gach aon bhall den FBTC (agus/nó do bhaill eile d'fhoireann na scoile) dá dtarlódh go mbeadh teagmhas criticiúil ann.

<u>Cion Oibre</u>	<u>Ainm</u>
Freagairt comhordaithe bainistíochta	Aingeal Uí Dhálaigh
Idirchaidreamh Seachtrach (áisíneachtaí seachtracha tacaíochta: tuismitheoirí; cuairteoirí i nguais; na meáin)	Aingeal/Móna/Treasa
Cúram agus cumarsáid inmheánach (leis an fhoireann, mic léinn bainteach/buailte go díreach leis an eachtra/mic léinn i gcoitinne.	Aingeal/Treasa
Cion Oibre an Riaracháin (an fón a fhreagairt, Seomraí a chur ar fáil le haghaidh mioncheistithe, litreacha, Loga imeachtaí 7rl.)	Paula/Olive
Eile	

AN NÓS IMEACHTA A LEANFAR MÁ THARLAÍONN TEAGMHAS CRITICIÚIL

A. Gníomhartha Gearrthréimhseacha (An Chéad Lá) (Acmhainní 1. 40)

<u>Cion Oibre</u>	<u>Ainm</u>
Féach Roinn 3 <i>Freagairt ar Theagmhas Criticiúil</i> maidir leis na sonraí a bhaineann leis an obair seo	Duine freagrach as an eagrúchán leis an obair a chur i gcrích
Eolas Cruinn a Bhailiú (cad, cé, cén áit)	Aingeal/Móna
Teagmháil a dhéanamh le gníomhaireachtaí oiriúnacha (Sonraí i seomra na múinteoirí/Oifig an Phríomhoide)	Treasa
Cruinniú leis an FBTC a eagrú	Aingeal/Treasa
Maoirseacht ar mhic léinn a eagrú	Mícheál/Majella
Cruinniú a reáchtáil leis an fhoireann iomlán	Aingeal/Treasa
Amchlár an lae a reáchtáil: bíodh cúrsaí scoile ag feidhmiú mar is gnáth, más féidir	Bainistíocht Shinsearach
Eolas a thabhairt do Thuismitheoirí/chaomhnóirí	Aingeal/Bainistíocht Shinsearach
Eolas a thabhairt do na mic léinn	Aingeal, tar éis chomhairle ó NEPS
Teagmháil le muintir an mharbháin	Aingeal
Déileáil leis na meáin	Móna/Aingeal
Féachaint chuige go n-athaontófar mic léinn lena muintir más gá.	Art/Mícheál/Aingeal
Seomra Theagmhas Criticiúil.	Paula

B. GNÍOMHARTHA MEÁNTÉARMACHA (24 – 72 u)
(Leabhar Acmhainní I. 41)

<u>Cion Oibre</u>	<u>Ainm</u>
Athbhreithniú a dhéanamh ar imeachtaí an chéid lae	Aingeal
Féachaint chuige go gcuirtear tacaíocht ar fáil do dhaoine indibhidiúla, mic léinn, tuismitheoirí 7rl.	Aingeal/Treasa
Athimeascadh a phleanáil don fhoireann is do na mic léinn	Aingeal/Treasa
Cuairteanna chuig daoine gortaithe a eagrú	Aingeal
Comhthadhaill le gaolta maidir le: socruithe sochraide/ searmanas cuimhneacháin.	Aingeal
Freastal ar/páirt a ghlacadh i seirbhísí sochraide	Aingeal
Cinntí maidir le: an scoil a dhúnadh	BB/Cigire Scoile
Seirbhís Urnaí	Ath.Conn/Aingeal/Majella

C. GNÍOMHARTHA FADTHÉARMACHA (72 u ar aghaidh)

<u>Cion Oibre</u>	<u>Ainm</u>
Monatóireacht a dhéanamh ar na mic léinn féachaint an bhfuil comharthaí struis orthu go fóill.	An fhoireann iomlán
Meastachán a dhéanamh ar an bplean theagmhais chriticiúla agus leasú a dhéanamh air de réir mar is cuí	Foireann/BB
An Plean Theagmhais Chriticiúla a dhéanamh foirmiúil don todhchaí	Foireann/BB
Foireann/Daltaí nua a chur ar an eolas faoi theagmhais chriticiúla, a bhainfeadh leo, de réir mar is cuí.	Aingeal
Bealaí oiriúnacha a aimsiú le comóradh bliana/ócáide 7rl a cheiliúradh	BB/Foireann/Tuismitheoirí
Plean a chur le chéile faoi bhosca cuimhneacháin a bhronnadh ar mhuintir an mharbháin	Aingeal/Múinteoir Ranga

Tuairisc Eachtra :

Má tharlaíonn eachtra caithfidh gach aon bhall den fhoireann cuntas a choimeád den uile ghlaoch fóin a rinneadh nó a glacadh, den uile litir a seoladh nó a fuarthas, den uile chruinniú a bhí ann, den uile theagmháil phearsanta a bhain leis, chomh maith le haon idirghabháil a rinneadh 7rl. Beidh ról lárnach ag Paula Fleming, rúnaí na scoile maidir le cuntas a choinneáil de na glaonna fóin a tháinig, na litreacha a cuireadh, den ábhar fótachóipeála 7rl

Tuiscint maidir le rúndacht & dea-chlú:

Tá freagracht ar bhainistíocht agus ar fhoireann na scoile i leith cosaint a dhéanamh ar dhea-chlú agus ar rúndacht na ndaoine a bheadh bainteach le heachtra ar bith, agus caithfear íogair a léiriú maidir leis an toradh a bheadh ar aon ráiteas poiblí. Coimeádfaidh pobal na scoile é seo i gcuimhne i gcónaí agus déanfaidh siad gach aon iarracht féachaint chuige go gcuimhneoidh na mic léinn air chomh maith. Mar shampla, ní úsáidfear an téarma “féinmharú” ach amháin sa chás is go bhfuil fianaise dhearfach ann gur sin a tharla, agus go n-aontaíonn an teaghlach a bheadh i gceist go bhfuil cead an téarma seo a úsáid. Bainfear úsáid as na téarmaí “bás tragóideach” nó “bás tobann” ina áit. Ar an gcaoi chéanna, ní bhainfear úsáid as an téarma “dúnmharú” go dtí go mbíonn sé deimhnithe go cinnte gur dúnmharú a tharla. Is féidir go n-úsáidfear an téarma “oidhe” sa chás sin.

Seomraí don eachtra chriticiúil:

Seomra na múinteoirí is mó a úsáidfear chun bualadh leis an fhoireann.

An seomra ranga is mó a úsáidfear chun bualadh leis na mic léinn.

An seomra cruinnithe/oifig is mó a úsáidfear chun bualadh leis na tuismitheoirí.

An seomra ranga is mó a úsáidfear chun bualadh leis na meáin.

An seomra thacaíocht foghlama is mó a úsáidfear chun bualadh leis na mic léinn mar dhaoine aonair.

Comhairliúcháin agus cumarsáid maidir leis an bplean:

Cuireadh comhairliúcháin ar siúl leis an fhoireann ar fad agus lorgaíodh a dtuairimí uathu nuair a bhí an polasaí agus an plean seo á ullmhú.

Cuireadh comhairliúcháin ar siúl le hionadaithe na dtuismitheoirí agus lorgaíodh a dtuairimí uathusan chomh maith.

Cuireadh an polasaí agus an plean críochnaithe maidir le freagairt a thabhairt ar eachtra chriticiúil os comhair na foirne ar fad.

Tá cóip phearsanta den phlean ag gach aon bhall den Fhoireann Bhainistíochta le haghaidh Teagmhais Chriticiúla, agus tá cóip ag gach ball foirne.

Déanfaidh Aingeal Uí Dhálaigh gach aon bhall foirne nua agus gach múinteoir sealadach a chur ar an eolas maidir le sonraí an phlean.

Déanfar an plean a thabhairt suas chun dáta in aghaidh na bliana, i mí Meán Fómhair.

Dátá Athbhreithnithe: Meán Fomhair 2017.

Acmhainní atá ar fáil ar scoil:

“Responding to Critical Incidents - Guidelines for Schools”.

“Responding to Critical Incidents - Resource Materials for Schools”.

“When Tragedy Strikes” (INTO)

www.into.ie

www.neps.ie

An tsraith “Milly Molly Mandy”.

Féach acmhainní lth 43-50 “Responding to Critical Incidents - Resource Materials for Schools”

Athbhreithniú Déanta ag Bord Bainistíochta na Gaelscoile 30ú Meán Fomhair 2019.

Dátá Athbhreithnithe: Meán Fómhair 2020.

Síniú: _____
Cathaoirleach, Bord Bainistíochta